

Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain



Saolaíodh an iris seo sa bhliain 1881, mar iris dhátheangach, i mBrooklyn, Nua-Eabhrac, sna Stáit Aontaithe, agus foilsíodh í go rialta go 1904. Chuaigh sí as cló, ach lean **Cumann Carad na Gaeilge**, ar leis í, ar aghaidh, ar éigin. Rinneadh iarrachtaí ar athbheochan na hirise seo cúpla uair, as Béarla agus mar nuachtlitir dhátheangach. Bunaíodh cúpla irisleabhar eile leis an ainm céanna, nó a mhacasamhail, nach raibh aon bhaint acu lenár n-iris seo. Is é seo an chéad uair riamh go bhfuil fíor-iris *An Gael* ann mar iris as Gaeilge amháin. Tús nua, a sheasann le cuspóirí oifigiúla an chumainn.

Ní hí an Ghaeilge amháin atá tábhachtach dár gcumann. Níos bunúsaí ná sin, is cumann cairde sinn, agus **beidh béim san iris seo ar an gcairdeas atá eadrainn mar Ghaeilgeoirí as gach cearn den domhan.**

Ach an bhfuil aon ghá leis an iris seo? Nuair a bhunaigh Mícheál Ó Lócháin *An Gael*, ba í an chéad iris Ghaeilge riamh ar domhain í. Sa lá atá inniu ann, tá roinnt eile ann, dar ndóigh, agus tá siad maith go leor. An fiú an ceann seo a athbheochan, mar sin? Fágтар marbh í, dearfaí. Ach cé go bhfuil irisí clúiteacha eile ann, foireann spallaí do bhallaí chomh maith le clocha móra, agus tá ról againne sa damhsa domhanda seo, chun ár gceol féin a dhéanamh. Agus **nuair a stadann an ceol, stadann an rince.**

An bhliain sular fhoilsíodh *An Gael* den chéad uair, tharla eachtra an-suimiúil in Denison, Texas. Ní raibh an Gorta Mór an t-aon phlá a tharla sa naoú haois déag. Tamall ina dhiaidh sin, tharla tubaiste san Eoraip, a scrios formhór na bhfíonghort. Sa bhFrainc, bhí an tionscal ba thábhachtaí dá gcuid acu i mbaol. Fuarthas gurb é míol fréamhacha darb ainm *phylloxera* ba chúis leis. Ní raibh aon fhíniúin san Eoraip slán uathu. Mar a tharlaíonn, tá Denison Texas an-chosúil le Cognac na Fraince, agus bhí fíniúnacha acu ansin nach raibh an feithid seo ábalta a

scriosadh. An réiteach a fuarthas ar an tubaiste seo ná gur oibrigh na Francaigh is na Meiriceánaigh le chéile, agus in Cognac, beangaíodh fíniúnacha na Fraince le fréamhacha ó fhíniúnacha de chuid Texas. Shábháil an tseift seo tionscal na ndeochanna alcóil ar an mórthír! Mura mbeadh Texas ann, ní bheadh Cognac ann mar dheoch níos mó. Ní neart go cur le chéile - go liteartha, sa chás seo!

Déantar Cognac i stil phota. Déantar uisce beatha na hÉireann i stil phota (ach amháin Bushmills), freisin. Tá an stil phota is mó ar domhain i gCorcaigh, mar a tharlaíonn. Rinne Arabach san ochtú haois an chéad stil phota mar seo, agus fuarthas an teicneolaíocht nua in Éirinn agus ar an mórthír ó na hArabaigh. Ar dtús, ba iad na hailcheimiceoirí amháin a chur suim san alcól. Tugadh *aqua ardens* ar an uisce beatha nua seo sa dara haois déag san Eoraip - uisce ar lasadh. Cé acu, tine nó uisce é? Ní tine ná uisce é, ach rud eile ar fad. Rud iontach.


Cad é an Gael, sa lá atá inniu ann? Éireannach? Meiriceánach? Sasanach? Gaeilgeoir? Cairde na Gaeilge? Nó rud eile ar fad? Fágтар a mhíniú faoi na hailcheimiceoirí, b'fhéidir. Ach aithníonn Gael Gael eile. Is féidir le Gael *An Gael* nua seo a léamh anois. Tá súil againn go

mbainfear taitneamh as, agus go nglacfaidh gach léitheoir páirt gníomhach i gcumann idirnáisiúnta seo na nGael.

Sílim go bhfuil tús maith déanta againn - agus nach leath na hoibre sin? Tá scríbhneoirí den scoth bailithe le chéile san eagrán seo. Fuaireamar ábhar ó chairde ar fud an domhain, agus is iris fíor-idirnáisiúnta í seo. Ríomhann Gearóid Ó Ceallaigh as Inis Fada, Nua-Eabhrac, stair an chumainn dúinn. Insíonn Panu Höglund, as an Fhionnlann, scéal uafáis. Tá scéal faoin saol a bhí ann i mBaile Átha Cliatha timpeall 1952 againn, le Seán Ó Connor, a chónaíonn in Connecticut. Tá filíocht againn le Simon Ó Faoláin agus Ciarán O'Rourke as Baile Átha Cliath, liomsa as Inis Fada, le Rút Ní Mhaolfhabhail atá ina cónaí i gContae Chill Chainnigh, le Seán Ó Coistealbha as Contae na Gaillimhe, le Proinsias Mac 'a Bhaird (agus scéal leis), as Árainn Mhór agus ina cónaí i Leitir Ceanainn. Tá tuairiscí ó Cheanada ó Allyson Reid agus ó Nua-Eabhrac le Hilary Mhic Suibhne. Pléann Lugh DePaor as Inis Fada cúrsaí ceoil ina cholún. Cumasc breá ó gach cearn den domhan.

Má bhíonn tú ar lorg cara gan locht, beidh tú gan chara go deo. Déanfaimid ár seacht ndícheall chun iris bhreá a sholáthair, ach braitheann sé ar na Gaeil eile a ghlacann páirt inti. Nílimid go léir mar an gcéanna. Is tuisce tuairim ná duine. An rud is tábhachtaí, sin go bhfuil cairde agat ar fud an domhain, más Gaeilgeoir thú. Go

mbainfimis sult as, ag casadh ar a chéile ar leathanaigh na hirise seo.



Treoracha dár Scríbhneoirí

- Iris atá oiriúnach do gach léitheoir is ea í seo, fiú daoine óga. Mar sin, má bhíonn aon rud gáirsiúil ann, ní mór nach dtuigfeadh páiste é. B'fhearr a leithéid a sheachaint mar bhunphrionsabal.
- Iris a bheidh measúil do gach éinne is ea í seo. Mar sin, más ábhar conspóideach atá idir lámha agat, ní mór duit a bheith cothrom agus gan mhaslaí, agus más féidir, an dá thaobh a mhíniú ar shlí nach gcuirfeadh isteach ar éinne. B'fhearr an chonspóid a sheachaint, má chuireann sé isteach ar dhaoine, ach níl aon chosc ar a leithéid, má dhéantar go béasach measúil é. Ní fhoilseofar aon rud díspeagach.
- Ní iris acadúil í seo. Tá suim againn in ábhar ar bith, ach is lucht léite ginearálta atá i gceist, agus mar sin, ní mór go bhfuil stíl tarraingteach spraiúil ann.
- Ní mór gur fíricí iad na fíricí a luaitear, dar ndóigh. Agus aon rud a mhaítear, ní mór go mínítear é chun bunús a chur leis (gan a bheith leadránach).
- Is leis na húdair féin a gcuid tuairimí, agus ní chuirfear ladar an eagarthóra isteach orthu sin. B'fhearr scéalta ná tuairimí, ámh.
- Is fearr a bheith dearfach ná diúltach i gcónaí, más féidir. Scríobh mar a scríobhfá do chara.